



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséal, 16.7.2025
COM(2025) 541 final

2025/0541 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas do limistéar Schengen, don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip agus don chomhbheartas víosaí le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Cúiseanna agus cuspóirí

I dTreoiríníte Polaitiúla an Choimisiúin 2024-2029, cuirtear i dtábhacht an gá limistéar Schengen atá iomlán agus lánfheidhmiúil a áirithiú gan rialú ag na teorainneacha inmheánacha trí bhíthin teorainneacha seachtracha níos sláine, lena dtugtar tosaíocht don tslándáil, don bhainistiú imirce agus don éifeachtúlacht. Is é croílár na n-iarrachtaí sin an bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip, lena n-áirithítear comhsheasmhacht idir réimsí beartais idirnasctha, lena n-áirítear teorainneacha, fillteacha agus faireachas, agus idir Frontex agus údaráis náisiúnta fhreagracha freisin chun teorainneacha seachtracha an Aontais a bhainistiú. I dtéarmaí cur chun feidhme, le creat rialachas Schengen, a bhfuil meastóireachtaí Schengen ag tacú leis, soláthraítear stiúradh polaitiúil straitéiseach d'fhorbairt limistéar Schengen, lena n-áirithítear go gcuirtear príomhthionscnaimh, ar nós idir-inoibritheacht na gcóras TF, agus na rialacha ábhartha chun feidhme agus go ndéantar easnaimh chórasacha a shainnithint agus a leigheas. Leis sin ba cheart braistint láidir freagrachta comhroinnte agus muiníne frithpháirtí a chothú i measc na mBallstát agus na dTíortha atá comhlachaithe le limistéar Schengen.

Tá athrú mór tagtha ar chomhthéacs geopholaitiúil na hEorpa, rud a dhéanann difear mór do bhainistiú teorainneacha seachtracha an Aontais. Mar gheall ar theacht chun cinn bagairtí hibrideacha agus bagairtí slándála eile, lena n-áirítear an imirce a úsáid mar uirlis troda, tá práinn bhreise ann i dtaca leis an teorainn sheachtrach a chosaint. Idir an dá linn, is toisc mhór i gcónaí í an imirce neamhrialta, lena gcuirtear i dtábhacht an gá comhar éifeachtach a áirithiú le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad mar aon le comhpháirtíochtaí cuimsitheacha le tíortha tionscnaimh agus idirthurais a fhaigheann tacaíocht trí Rialachán (AE) [...] [An Eoraip Dhomhanda]. Gnó brabúsach is ea smuigleáil imirceach le haghaidh líonraí coiriúla, agus úsáideann smuigléirí bealaí talún, farraige agus aeir chun imirce neamhrialta isteach san Aontas Eorpach agus laistigh de a éascú. Tá baint níos mó aici le sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus básanna, go háirithe nuair a tharlaíonn sí ar muir. Bás na n-imirceach i lámha smuigléirí sa Mheánmhuir, cuireann sé i dtábhacht an géarghá atá ann dul i ngleic le smuigleáil imirceach, trí leas a bhaint as na luamhain dhlíthiúla, oibríochtúla agus riaracháin uile atá ar fáil.

Ní mór do na Ballstáit a bheith in ann freagairt d'fhorbairtí go pras agus go héifeachtach agus tacaíocht ón Aontas a fháil chun na críche sin.

Tá sé fíor-riachtanach forbairt agus oibriú slán agus cothabháil córas mórsála TF a áirithiú de bhun dhlí an Aontais i réimse an bhainistithe teorainneacha, mar atá Córas Faisnéise Schengen (SIS), an Córas Faisnéise Víosáí (VIS), Eurodac, an Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) agus an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (EITAS), lena n-áirítear a n-idir-inoibritheacht, agus an bonneagar cumarsáide. Ba cheart rannchuidiú le gníomhaíochtaí chun cáilíocht sonraí agus soláthar na faisnéise a fheabhsú freisin leis an ionstraim.

Ba cheart tacaíocht ón Aontas a bheith ar fáil freisin do na Ballstáit chun an saineolas agus an acmhainneacht oibríochtúil is gá a bhunú chun na gnéithe ábhartha den Chomhshocrú maidir

le Tearmann agus Imirce a chur chun feidhme, is é sin Rialachán (AE) 2024/1356¹ ('an Rialachán maidir le Scagadh'), rud a rannchuidíonn le bainistiú éifeachtúil teorainneacha.

Tá saoránaigh den Aontas agus saoránaigh nach den Aontas iad araon faoi réir seiceálacha córasacha nuair a thrasnaíonn siad teorainneacha seachtracha an Aontais. Ós rud é gur taifeadh beagnach 600 milliún trasnú in 2023 amháin, agus go meastar go leanfaidh an líon trasnuithe de bheith ag méadú sna blianta amach romhainn, is léir gur gá seiceálacha a dhéanamh go tapa agus go héifeachtúil, le cabhair ó chórais TF agus ardleibhéal slándála á choinneáil ar bun an tráth céanna, lena n-áiríteofar go ndéanfar seiceáil ar gach taistealaí.

Ba cheart do na Ballstáit a bheith ag obair i ndlúthchomhar le gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, lena n-áirítear Frontex agus eu-LISA, gníomhaireachtaí ar cheart dóibh an saineolas teicniúil agus na modhanna teicneolaíochta is gá a sholáthar le haghaidh faireachais agus feasacht staide. I dtéarmaí níos leithne, ba cheart don Choimisiún ról a thabhairt do chomhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais a bhfuil sé d'aidhm dóibh a áirithiú go gcomhlíonann na bearta a dtacaíonn an tAontas leo *acquis* ábhartha an Aontais agus tosaíochtaí comhaontaithe an Aontais.

Tá Beartas víosaí an Aontais atá láidir tábhachtach freisin chun teorainneacha a dhaingniú ar bhealach níos fearr agus chun an imirce a bhainistiú. Le tacaíocht ón Aontas ba cheart cuidiú go háirithe leis na Ballstáit feabhas a chur ar éifeachtúlacht na próiseála víosaí agus mí-úsáid chóras víosaí an Aontais a chosc. Tá gá le tacaíocht ón Aontas a mhéid a bhaineann le digitiú na próiseála víosaí, mar aon le feabhas a chur ar chumhdach na seirbhísí consalacha ar fud an domhain agus ar an tseirbhís d'iarratasóirí.

Tá sé d'aidhm ag an togra aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le tuilleadh solúbthachta i mbainistiú na tacaíochta ón Aontas, lena n-áirítear treoshuíomh feidhmíochta níos láidre, mar aon le simpliú feabhsaithe le haghaidh na ngníomhaithe uile a bhfuil ról acu ina cur chun feidhme. Chuige sin, déantar comhlántacht dhian a fhorfheidhmiú leis an togra le haghaidh Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil, agus tugtar isteach sásraí nua chun cistiú a leithdháileadh ar bhainistíocht chomhroinnte, dhíreach agus indíreach. Ós rud é go mbíonn dúshlán i réimse an bhainistithe teorainneacha agus na himirce ag teacht chun cinn de shíor, is gá freisin freagairt do riachtanais phráinneacha agus d'athruithe ar bheartais agus ar thosaíochtaí an Aontais, aghaidh a thabhairt ar na heasnamh a saináithníodh trí mheastóireachtaí Schengen agus trí mheasúnú leochaileachta Frontex agus cistiú a stiúradh i dtreo gníomhaíochtaí a bhfuil ardleibhéal breisluacha Aontais ag baint leo, go háirithe trí Shaoráid AE lena gcuirtear solúbthacht ar fáil i mbainistiú na tacaíochta ón Aontas.

Leis an togra reatha, mar aon leis an togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas don Tearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus an togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas don tslándáil inmheánach, soláthraítear an creat dlíthiúil sonrath le haghaidh gníomhaíocht ón Aontas i réimsí an bhainistithe chomhtháite teorainneacha san Eoraip ag na teorainneacha seachtracha, limistéar Schengen dea-fheidhmiúil agus an bheartais víosaí Eorpaigh, bhainistiú éifeachtúil na sreibe imirce agus na slándála inmheánaí; Comhlánaíonn na trí Rialachán sin a chéile agus rannchuidíonn siad le cuspóirí Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú

¹ Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena dtugtar isteach scagadh ar náisiúnaigh tríú tír ag na teorainneacha seachtracha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240 agus (AE) 2019/817, IO L 2024/1356, 22.5.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1356/oj>.

eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil, trína ndéanfar iad a chur chun feidhme.

Cuireann an Rialachán atá beartaithe le Rialachán (AE) 2021/1148² agus forbairtí nua beartais agus an gá freagairt sholúbtha a sholáthar do dhúshlán atá ag teacht chun cinn a bhaineann leis an mbainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip á gcur san áireamh, lena n-áirítear limistéar Schengen dea-fheidhmiúil, agus beartas víosaí an Aontais.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá ann cheana**

Oibreoidh an tacaíocht ón Aontas don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip agus don bheartas víosaí Eorpach i ndlúthchomhlántacht leis na beartais eile faoi raon feidhme na bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, agus ar an gcaoi sin cothófar sineirgí idir na beartais sin. Ar an gcuma chéanna, ní mór sineirgí agus comhlántachtaí a lorg go háirithe le *acquis* Schengen, agus tháinig an pacáiste reachtach atá mar bhonn taca leis an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann i bhfeidhm an 11 Meitheamh 2024. Mar sin féin, tá gá le gníomhaíocht ar fud raon iomlán na n-uirlisí atá ar fáil dó chun beartas níos déine de chuid an Aontais maidir leis an mbainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip agus beartas víosaí an Aontais a bhaint amach, lena n-áirítear gníomhaíochtaí gníomhaireachtaí díláráithe ábhartha de chuid an Aontais.

Tá ról tábhachtach méadaitheach ag na sé Gníomhaireacht dhíláráithe um Ghnóthaí Baile (Frontex, Europol, EUAA, eu-LISA, EUDA agus CEPOL) i gcur chun feidhme na mbeartas Gnóthaí Baile. Tá sé fíor-riachtanach comhleanúnachas a áirithiú idir straitéisí beartais a leagtar amach ar leibhéal an Aontais agus gníomhaíochtaí oibríochtúla na ngníomhaireachtaí díláráithe, agus ar an gcaoi sin an rannchuidiú le cuspóirí beartais an Aontais ón gcistiú ón Aontas a sholáthraítear do na gníomhaireachtaí díláráithe a uasmhéadú. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá ann ról oibríochtúil na ngníomhaireachtaí díláráithe a neartú tuilleadh, agus méadú comhfhreagrach ar chistiú a bheith ag gabháil leis.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Braitheann an bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip agus beartas víosaí ar na sineirgí agus ar an gcomhleanúnachas le beartais ábhartha an Aontais amhail tearmann agus imirce, an tslándáil inmheánach agus beartais sheachtracha an Aontais a thacaíonn le tríú tíortha, go háirithe faoi Rialachán (AE) [...] [An Eoraip Dhomhanda], lena gcumhdaítear raon leathan réimsí a bhfuil naisc thábhachtacha acu le beartais inmheánacha, lena n-áirítear bainistiú teorainneacha agus beartais víosaí, go háirithe, tá sé tábhachtach comhleanúnachas méadaithe a áirithiú leis an tacaíocht ón Aontas don chomhar maidir le bainistiú teorainneacha le tíortha comhpháirtíochta faoin Eoraip Dhomhanda, d'fhonn rannchuidiú le cur chuige comhordaithe, iomlánaíoch agus struchtúrtha lena n-uasmhéadaítear sineirgí agus lena gcuirtear an ghíaráil is gá i bhfeidhm. Sa chomhthéacs sin, tá an tacaíocht don chomhar trasteorann faoin Eoraip Dhomhanda ábhartha go háirithe i dtaca le feabhas a chur ar bhainistiú teorainneacha agus iarrachtaí a dhéanamh an imirce neamhrialta a chosc.

Chun tacú leis an gclár oibre iomaíochais, ba cheart breithniú a dhéanamh freisin ar infheistíochtaí atá bunaithe ar mhodhanna nuálacha nó ar theicneolaíochtaí nua, lena n-áirítear bearta arb é is aidhm dóibh toradh tionscadal taighde arna gcistiú ag an Aontas a thástáil agus a bhailíochtú.

² Rialachán (AE) 2021/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí.

- **Geoiméadracht athraitheach**

Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar *acquis* Schengen. Mar thoradh air sin, tá cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir leis an Danmhairg agus Éire faoi réir forálacha speisialta a leagtar síos i bPrótocal Uimh. 19 agus i bPrótocal Uimh. 22 atá i gceangal le CAE agus le CFAE.

I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótocal Uimh. 22, níl an Rialachán ina cheangal ar an Danmhairg ná níl sé infheidhme inti. Mar sin féin, de bhun Airteagal 4 de Phrótocal 22, tá an Danmhairg le cinneadh a dhéanamh cé acu a dhéanfaidh sí nó nach ndéanfaidh sí bearta a chuireann le *acquis* Schengen a chur chun feidhme agus a bheith ina cheangal orthu. Má chinneann sí amhlaidh, cruthófar oibleagáid faoin dlí idirnáisiúnta idir an Danmhairg agus na Ballstáit eile leis an mbeart.

De bhua Airteagal 4 de Phrótocal Uimh. 19, féadfaidh Éire a iarraidh páirt a ghlacadh i roinnt forálacha de *acquis* Schengen nó i ngach ceann díobh tráth ar bith. Cé go nglacann Éire páirt i gcodanna áirithe de *acquis* Schengen, ní bhaineann an Rialachán seo le codanna de *acquis* Schengen a bhfuil Éire rannpháirteach iontu. Mar bheart arb é atá ann forbairt *acquis* Schengen, tá fógra le tabhairt faoin Rialachán do cheithre thír (an Íoslainn, Ríocht na hIorua, Cónaidhm na hÉilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin), nach Ballstáit den Aontas iad, ach atá rannpháirteach i limistéar Schengen gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha ar bhonn comhaontuithe comhlachais arna dtabhairt i gcrích leis an Aontas. A luaithe a thabharfar fógra dóibh, beidh sé de cheangal ar na ceithre thír atá comhlachaithe le Schengen a dheimhniú go nglacann siad le hábhar an Rialacháin agus é a chur chun feidhme ina ndlí náisiúnta. Mar thoradh air sin, beidh feidhm ag na bearta atá beartaithe maidir leis na ceithre thír sin freisin.

2. **BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT**

- **Bunús dlí**

Foráiltear le hAirteagal 3(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach go ‘gcuirfidh an tAontas ar fáil dá shaoránaigh limistéar saoirse, slándála agus ceartais, gan teorainneacha inmheánacha, ina n-áiritheofar saorghluaiseacht daoine i dteannta le bearta iomchuí maidir le rialuithe ar theorainneacha seachtracha, tearmann agus inimirce, maille leis an gcoirpeacht a chosc agus a chomhrac’. Is féidir teacht ar bhunús dlí an togra seo sna bearta dá dtagraítear in Airteagal 77(2) agus in Airteagal 79(2)(c) agus (d) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais (CFAE).

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Ní fhéadfaidh na Ballstáit cuspóirí an togra a bhaint amach agus iad ag gníomhú astu féin, de bhrí gur de chineál trasteorann atá na dúshláin agus nach bhfuil siad teoranta do Bhallstáit aonair ná d’fhothacar Ballstát. Cruthaíonn tacaíocht ón Aontas breisluach trí chur chuige coiteann a chur chun cinn ar fud na mBallstát agus *acquis* agus caighdeán an Aontais á gcur chun feidhme acu agus trí chomhar a chothú idir na Ballstáit maidir le saincheisteanna trasnáisiúnta.

- **Comhréireacht**

Ní théann an togra seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí a luaitear faoi roinn 1 a bhaint amach. Tagann sé faoin raon feidhme le haghaidh gníomhaíochta i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais, mar a shainítear i dTeideal V de Chuid a Trí de CFAE. Tá na cuspóirí agus an tacaíocht chomhfhreagrach ón Aontas comhréireach lena bhfuil sé d’aidhm ag an ionstraim a bhaint amach.

- **An rogha ionstraim**

Is é an ionstraim is iomchuí chun an togra reatha a oibriú Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas do bhainistiú teorainneacha le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2034 agus lena gcomhlánaítear an togra le haghaidh Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ SIARGHABHÁLACHA, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí siarghabhálacha/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Deimhnítear le réamhthorthaí na meastóireachta *ex post* leanúnaí ar an gCiste Slándála Inmheánaí — Teorainneacha agus Víosáí (CSI-TV) le haghaidh chlárthréimhse 2014-2020 go raibh CSI-TV éifeachtach ó thaobh tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit a gcuspóirí a bhaint amach i réimsí an bheartais víosaí agus bhainistiú na dteorainneacha seachtracha. Chuidigh tabhairt isteach na rialacha maidir le clársceidealú ilbhliantúil agus incháilitheacht náisiúnta leis an ualach riaracháin a laghdú. I gcás inar cuireadh i bhfeidhm iad, d'éirigh le roghanna costais simplithe an t-ualach riaracháin a laghdú, ach níor glacadh go forleathan iad. Léirigh CSI-TV leibhéil éagsúla costéifeachtúlachta agus éifeachtúlachta. Bhí CSI-TV comhleanúnach laistigh de chomhphárteanna an Chiste agus de Chistí eile de chuid an Aontais, ach d'fhéadfaí comhleanúnachas le Fís Eorpach agus idir na cláir náisiúnta agus Gníomhaíochtaí an Aontais a threisiú a thuilleadh. Chuir CSI-TV go mór leis an mbreisluach Aontais. Thángthas ar an réamhchonclúid sa mheastóireacht *ex post* go bhféadfaí feabhas mór a chur ar éifeachtúlacht trí cheanglais tuairiscithe agus nósanna imeachta riaracháin a shimpliú, gan an cháilíocht ná an fhaisnéis chainníochtúil is gá chun faireachán a dhéanamh ar an gcur chun feidhme a laghdú. Leis an gcur chuige sin, ba cheart an t-ualach riaracháin a íoslaghdú agus ba cheart páirtithe leasmhara a bheith in ann díriú ar thorthaí a bhaint amach seachas dul i ngleic le próisis mhaorlathacha.

Deimhnítear le réamhthorthaí na meastóireachta meántearma ar an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosáí (IBTV) le haghaidh na clárthréimhse 2021-2027 go bhfuil feabhsuithe móra tagtha ar an gcreat faireacháin agus meastóireachta le haghaidh IBTV i gcomparáid leis an tréimhse 2014-2020. Chuir na Ballstáit agus na tairbhíthe i dtábhacht ábhair inní maidir leis an ualach riaracháin. Go dtí seo, tá úsáid theoranta bainte ag na hÚdaráis Bhainistíochta as roghanna costais simplithe agus as maoiniú nach bhfuil nasctha le costas, rud a d'fhéadfadh an t-ualach riaracháin a laghdú. Bhí cláir na mBallstát agus cláir oibre an Choimisiúin le haghaidh na Saoráide Téamaí comhleanúnach le hionstraimí cistiúcháin náisiúnta eile agus le hionstraimí cistiúcháin eile de chuid an Aontais. Mar sin féin, d'fhéadfaí comhleanúnachas a threisiú a thuilleadh idir Gníomhaíochtaí an Aontais agus cláir na mBallstát, chomh maith le Fís Eorpach chun glacadh réiteach teicneolaíoch nuálach a mhéadú. Ar deireadh, le IBTV tá comhar cothaithe, cinntítear comhlíontacht chaighdeán an Aontais leis, agus tá feabhas tagtha ar chreat comhchoiteann an Aontais maidir le bainistiú teorainneacha agus an beartas víosaí. Ba mhór ag na páirtithe leasmhara gníomhaíochtaí sonracha go háirithe as a solúbthacht agus as cistiú breise *ad hoc* a sholáthar le haghaidh tosaíochtaí sonracha. Cuirtear i dtábhacht sa mheastóireacht mheántearma freisin a thábhachtaí atá sé tuilleadh a dhéanamh maidir le seachadadh cistithe a shimpliú, agus míniú níos fearr a thabhairt d'Údaráis Bhainistíochta maidir leis an gcaoi ar féidir leis an gcreat

feidhmíochta rannhuidiú le bainistiú éifeachtúil na gclár, sa bhreis ar an tuairisciú foirmiúil amháin a cheanglaítear leis an rialachán.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil go gníomhach leis na páirtithe leasmhara i bpróiseas an tionscnaimh, go háirithe trí imeachtaí tiomnaithe agus gníomhaíochtaí comhairliúcháin phoiblí, mar a shonraítear sa chaibidil chomhfhreagrach de mheabhrán míniúcháin an togra le haghaidh Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil.

- **Saineolas seachtrach**

Soláthraítear faisnéis faoi úsáid shaineolas seachtrach an Choimisiúin sa chaibidil chomhfhreagrach de mheabhrán míniúcháin an togra le haghaidh Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil.

- **Measúnú tionchair**

Soláthraítear faisnéis faoin Measúnú tionchair ón gCoimisiún sa chaibidil chomhfhreagrach de mheabhrán míniúcháin an togra le haghaidh Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil.

- **Simpliú**

Tá coinne leis go rannchuideoidh an tionscnamh le laghdú mór ar an ualach riaracháin agus ar na costais riaracháin, mar aon le héifeachtúlacht fheabhsaithe i gcur chun feidhme na tacaíochta ón Aontas, féach freisin an chaibidil chomhfhreagrach de mheabhrán míniúcháin an togra le haghaidh Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil.

- **Ceartha bunúsacha**

Cuirfear an tacaíocht ón Aontas chun feidhme i gcomhréir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le prionsabal an smachta reachta, mar a leagtar amach in Airteagal 2(a) de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092, féach freisin an roinn chomhfhreagrach i Meabhrán Míniúcháin an Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tá an t-imchlúdach airgeadais tásach do chur chun feidhme na gcuspóirí faoin tacaíocht ón Aontas socraithe ag EUR 15 396 750 000 billiún le haghaidh na tréimhse 2028 go 2034 i bpraghsanna reatha. Cuirfear chun feidhme é i gcomhréir leis na rialacha cothrománacha maidir leis na Plean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a leagtar síos i Rialachán (AE) [...] Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Cuirfidh na Ballstáit an tacaíocht ón Aontas faoin togra seo chun feidhme trí bhainistíocht chomhroinnte agus cuirfidh an Coimisiún chun feidhme í trí bhainistíocht dhíreach agus indéach. Déanfar faireachán ar chur chun feidhme na tacaíochta ón Aontas tríd an gcreat feidhmíochta is infheidhme maidir le creat airgeadais ilbhliantúil 2028-2034, ní a leagtar amach sa togra le haghaidh Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear creat rianaithe caiteachais buiséid agus feidhmíochta agus rialacha cothrománacha eile le haghaidh chlár agus ghníomhaíochtaí an Aontais.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

In Airteagal 1 den Rialachán atá beartaithe, sainmhínítear raon feidhme na tacaíochta ón Aontas don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip agus don bheartas víosaí Eorpach le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2034. Chuige sin, tugtar sainmhínithe fíor-riachtanacha in Airteagal 2, agus sainítear na cuspóirí in Airteagal 3, i gcomhsheasmhacht leis an tacaíocht ón Aontas a sholáthrófar faoi rialacha cothrománacha an Chiste Eorpaigh um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil arna bhunú le Rialachán (AE) [...].

In Airteagal 4, leagtar síos sa togra forálacha maidir le maoiniú na tacaíochta ón Aontas, in Airteagal 5 leagtar síos forálacha maidir le Tíortha atá comhlachaithe le limistéar Schengen, agus in Airteagal 6 leagtar síos forálacha maidir le hoibriú na Scéime Idirthuais Speisialta a chur chun feidhme sa Liotuáin.

Leagtar amach sa Rialachán atá beartaithe freisin in Airteagal 7 na rialacha maidir le cóir bhuiséadach na n-acmhainní le haghaidh chostais oibriúcháin an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil de bhun Rialachán (AE) 2018/1240 agus in Airteagal 8 na rialacha maidir le cóir bhuiséadach na ranníocaíochtaí airgeadais ó na Ballstáit chun críoch an Chomhthiomsaithe Dlúthpháirtíochta Bhliantúil arna bhunú le Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024³.

Leagtar síos forálacha idirthréimhseacha in Airteagal 9. Socraítear dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin atá beartaithe in Airteagal 10, ina sonraítear go mbeidh an Rialachán ina cheangal go huile agus go hiomlán agus go mbeidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát i gcomhréir leis na Conarthaí ón 1 Eanáir 2028.

³ Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1147 agus (AE) 2021/1060 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 (IO L, 2024/1351, 22.5.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1351/oj>).

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas do limistéar Schengen, don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip agus don chomhbheartas víosaí le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 77(2) agus 79(2), pointe (c) agus (d) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa⁴,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach⁵,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Cuspóir an Aontais maidir le limistéar saoirse, slándála agus ceartais a chomhdhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 67(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ba cheart é a bhaint amach trí thacaíocht ón Aontas a sholáthar chun comhbheartas an Aontais maidir le rialú ag teorainneacha seachtracha a fhorbairt, lena n-áirítear an comhbheartas víosaí de bhun Airteagal 77(2), pointe (a) CFAE.
- (2) Chun feidhmiú éifeachtach éifeachtúil limistéar Schengen gan teorainneacha inmheánacha a áirithiú, is nithe ríthábhachtacha chun sláine agus athléimneacht limistéar Schengen a áirithiú creat rialachais láidir, bainistiú éifeachtach comhtháite teorainneacha san Eoraip, mar a chuireann an Garda Teorann agus Cósta Eorpach a chur chun feidhme, arna bhunú le Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶, agus an comhbheartas víosaí.
- (3) Dá bhrí sin, ba cheart tacaíocht ón Aontas a sholáthar d'iarrachtaí ó na Ballstáit teorainneacha seachtracha an Aontais a chosaint, lena gcuirfí srian ar thrasnuithe teorann neamhdhleathacha agus ar ghluaiseachtaí neamhúdaraíthe idir na Ballstáit, mar aon le héifeachtúlacht fhoriomlán na próiseála víosaí a nuachóiriú agus a fheabhsú agus mí-úsáid chóras víosaí an Aontais a chosc. Tá an tacaíocht sin ón Aontas le soláthar faoi rialacha cothrománacha an Chiste Eorpaigh um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um

⁴ IO C , , lch. .

⁵ Seasamh Parlaimint na hEorpa an agus seasamh na Comhairle an .

⁶ Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624 (IO L 295, 14.11.2019, lch. 1. ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1896/oj>),

iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil arna bhunú le Rialachán (AE) [...].

- (4) Ba cheart tacaíocht ón Aontas a sholáthar freisin chun creat Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear trí rialachas náisiúnta Schengen a neartú lena gcuimsítear na struchtúir chomhordúcháin éifeachtacha agus na próisis straitéiseacha éifeachtacha atá ríthábhachtach do limistéar Schengen dea-fheidhmiúil.
- (5) Leagtar síos sa Rialachán seo cuspóirí na tacaíochta ón Aontas do limistéar Schengen dea-fheidhmiúil gan rialú ag na teorainneacha inmheánacha, lena n-áirítear don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip, lena n-áirítear tacaíocht d'fheidhmiú limistéar Schengen, agus don bheartas víosaí Eorpach ('an tacaíocht ón Aontas'). Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go dtabharfar aghaidh ar gach ceann de na cuspóirí a leagtar amach sa Rialachán seo ina bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí.
- (6) I gcomhréir le hionstraim Aontachais na Liotuáine leis an Aontas Eorpach, tugtar aghaidh sa Rialachán freisin ar an ngá atá ann tacú leis an Liotuáin maidir le hidirthuras daoine idir réigiún Kaliningrad agus codanna eile de Chónaidhm na Rúise a bhainistiú.
- (7) Ba cheart don Choimisiún na méideanna atá le leithdháileadh in aghaidh an Bhallstáit a leagan amach i gcomhréir leis an modheolaíocht leithdháilte a leagtar síos i Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil trí aon chinneadh cur chun feidhme amháin. De ghnáth, ba cheart a chumhdach sa chinneadh sin freisin na méideanna faoi Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil, Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas don tearmann, imirce agus lánpháirtíocht agus Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas don tslándáil inmheánach.
- (8) Leis an tacaíocht ón Aontas, ba cheart cur leis na torthaí agus na hinfheistíochtaí ó na clárthréimhsí roimhe sin, mar atá: (i) an Ciste um Theorainneacha Seachtracha le haghaidh na tréimhse 2007-2013 arna bhunú le Cinneadh Uimh. 574/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷; (ii) an ionstraim le haghaidh teorainneacha seachtracha agus víosaí mar chuid den Chiste Slándála Inmheánaí le haghaidh na tréimhse 2014-2020 arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 515/2014/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸; agus (iii) an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais don bhainistiú teorainneacha agus don bheartas víosaí mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha le haghaidh na tréimhse 2021-2027 arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 2021/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹.

⁷ IO L 144, 6.6.2007, lch. 22.

⁸ Rialachán (AE) Uimh. 515/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste Slándála Inmheánaí, an ionstraim le haghaidh tacaíochta airgeadais do theorainneacha seachtracha agus do víosaí agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 574/2007/CE (IO L 150, 20.5.2014, lch. 143, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2014/515/oj>).

⁹ Rialachán (AE) 2021/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, an Ionstraim le haghaidh

- (9) I bhfianaise timpeallacht domhanda atá ag athrú agus éagobhsaíocht atá ag dul i méid, ní mór don Aontas agus dá Bhallstáit a n-acmhainní a chur le chéile chun teorainneacha seachtracha an Aontais a chosaint go héifeachtach, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar an imirce neamhrialta, smuigleáil imirceach, gáinneáil ar dhaoine, agus freagairt do ghníomhaithe Stáit a chruthaíonn agus a éascaíonn an imirce neamhrialta go saorga, lena ndéantar sreabha imirce a ionstraimiú mar uirlis chun críoch polaitiúil, agus oirbhearta cogaíochta hibridí a úsáid, ar nós an imirce a úsáid mar uirlis troda¹⁰, chun an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit a dhíchobhsú. Ar mhaithe le dlúthpháirtíocht i limistéar Schengen ina iomláine agus de mheon na freagrachta comhroinnte as teorainneacha seachtracha an Aontais a chosaint, ba cheart aghaidh leormhaith a thabhairt i bPlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí an Bhallstáit ar na dúshláin a sainathnódh, go háirithe i gcomhthéacs na Straitéise Eorpaí um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, na Straitéise Eorpaí um Beartas Víosáí agus in ailtireacht TF nua Schengen lena mbítear ag brath ar na córais teicneolaíochta faisnéise (TF) a chuirtear chun úsáide le haghaidh teorainneacha seachtracha agus bainistiú slándála agus ar idir-inoibritheacht na gcóras sin freisin. Thairis sin, chun tacú le misean an rialaithe teorann, ba cheart breithniú a dhéanamh ar chur chun úsáide réiteach teicneolaíochta agus digiteach.
- (10) Leis an tacaíocht ón Aontas ba cheart rannchuidiú le comhsheasmhacht, comhleanúnachas, sineirgí agus comhlántachtaí a áirithiú idir beartais inmheánacha agus sheachtracha an Aontais. Tá gá le tuilleadh comhleanúnachais idir beartais imirce, tearmainn, um filleadh agus sheachtracha agus tá sé tábhachtach a áirithiú go rannchuideoidh cúnaimh seachtrach an Aontais agus an tacaíocht ón Aontas faoin Rialachán seo le cur chuige comhordaithe, iomlánaíoch, struchtúrtha i leith na himirce, sineirgí a uasmhéadú agus gearáil a mhéadú. Féadfar a chuimsiú sa tacaíocht ón Aontas faoin Rialachán seo tacaíocht d'acmhainní ábhartha thoscaireachtaí an Aontais i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, agus féadfaidh sí a bheith comhordaithe idir na Ballstáit agus an Coimisiún i gcéimeanna an chlársceidealaithe agus an chur chun feidhme.
- (11) Ní mór don Eoraip a leas slándála a chosaint ar sholáthróirí a d'fhéadfadh a bheith ina riosca leanúnach slándála mar gheall ar an gcur isteach a d'fhéadfadh a bheith ann ó thríú tíortha chomh maith lena gcleachtais chibearshlándála. Dá bhrí sin, is gá an riosca go bhfanfar spleách i gcónaí ar sholáthróirí ardriosca sa mhargadh inmheánach a laghdú; toisc go bhféadfadh tionchair dhiúltacha thromchúiseacha a bheith acu ar an tslándáil d'úsáideoirí, do chuideachtaí agus d'údarais ar fud an Aontais agus do bhonneagar criticiúil an Aontais i dtéarmaí sláine sonraí agus seirbhísí mar aon le hinfhaighteacht seirbhíse. Ba cheart an t-eisiamh sin a bheith bunaithe ar mheasúnú riosca comhréireach agus ar bhearta maolaithe gaolmhara a shainmhíniú i mbeartais agus i ndlíthe an Aontais.
- (12) De bhrí go mbaineann dúshláin le bainistiú teorainneacha agus sa bheartas víosaí ag teacht chun cinn de shíor, is gá leithdháileadh na tacaíochta ón Aontas a oiriúnú d'athruithe i dtosaíochtaí i dtaca le bainistiú teorainneacha seachtracha agus an beartas víosaí, lena n-áirítear athruithe de thoradh brú méadaithe ag an teorainn, agus is gá cistiú a stiúradh i dtreo na dtosaíochtaí a bhfuil breisluach Aontais is airde ag baint leo.

Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosáí (IO L 251, 15.7.2021, lch. 48, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1148/oj>).

¹⁰ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur i gcoinne bagairtí hibrideacha a eascraíonn as an imirce a bheith á húsáid mar uirlis troda agus an tslándáil a neartú ag teorainneacha seachtracha an Aontais (COM(2024) 570 final an 11.12.2024).

Chun freagairt do riachtanais phráinneacha agus d'athruithe ar bheartais agus ar thosaíochtaí an Aontais, agus chun cistiú a stiúradh i dtreo gníomhaíochtaí a bhfuil ardleibhéal breisluacha Aontais ag baint leo, ba cheart cuid den tacaíocht ón Aontas a chur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach, chomhroinnte agus indíreach tríd an tSaoráid AE arna bunú de bhun Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil. Tá solúbthacht i gceist leis an tSaoráid AE maidir le bainistiú na tacaíochta ón Aontas agus, i gcás bainistíocht chomhroinnte, ba cheart an tacaíocht a chur chun feidhme trí Phleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí na mBallstát.

- (13) Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear eolas agus taitheí chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais san áireamh agus bearta á gcur chun feidhme nó agus aghaidh á tabhairt ar dhúshláin i ndáil le bainistiú imirce, rialú agus bainistiú teorann agus an tslándáil inmheánach. I gcás inarb iomchuí, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann freisin ról a thabhairt do na comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais a bhfuil sé d'aidhm acu a áirithiú go gcomhlíonann na bearta a fhaigheann tacaíocht ón Aontas *acquis* ábhartha an Aontais agus tosaíochtaí comhaontaithe an Aontais.
- (14) Leis an tacaíocht ón Aontas, ba cheart tacú le bearta a bhfuil nasc acu le rialú ag teorainneacha seachtracha i gcríoch tíortha a bhfuil *acquis* Schengen mar chuid de chur chun feidhme an bhainistithe chomhtháite teorainneacha san Eoraip, lena neartaítear feidhmiú foriomlán limistéar Schengen. Chun cineál agus modhanna rannpháirtíochta na dtíortha atá comhlachaithe le cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forbairt *acquis* Schengen sa tacaíocht ón Aontas, agus na modhanna a bhaineann leis an rannpháirtíocht sin, a shonrú, ba cheart socruithe breise a thabhairt i gcrích idir an tAontas agus na tíortha sin faoi fhorálacha ábhartha na gcomhaontuithe comhlachais idir na tíortha sin agus an tAontas.
- (15) Leis an tacaíocht ón Aontas ba cheart leanúint de bheith ag rannchuidiú le limistéar Schengen a chur chun feidhme, a fhorbairt agus a rialú chun limistéar gan rialú ag teorainneacha inmheánacha a chur chun cinn. Leis an tacaíocht ón Aontas, ba cheart leanúint de bheith ag tacú le bearta a bhfuil nasc acu le rialú ag teorainneacha seachtracha i gcríoch tíortha a bhfuil *acquis* Schengen mar chuid de chur chun feidhme an bhainistithe chomhtháite teorainneacha san Eoraip, lena neartaítear feidhmiú foriomlán limistéar Schengen.
- (16) Leis an tacaíocht ón Aontas, ba cheart rannchuidiú le héifeachtúlacht na próiseála víosaí a nuachóiriú agus fheabhsú i dtéarmaí rioscaí imirce slándála agus neamhrialta a bhrath agus a mheasúnú, lena n-áirithítear cur chun feidhme éifeachtach an Chóid Víosaí. Go háirithe, leis an tacaíocht ón Aontas, ba cheart rannchuidiú le próiseáil víosaí a dhigiteáil agus é mar chuspóir aige sin nósanna imeachta maidir le víosaí atá tapa, slán agus áisiúil don chliant a chur ar fáil chun tairbhe na n-iarratasóirí ar víosa agus na gconsalachtaí araon. Ba cheart don tacaíocht ón Aontas feabhas a chur ar an tseirbhís d'iarratasóirí ar víosaí freisin, lena n-áirítear trí sheirbhísí consalacha a chumhdach ar bhealach níos fearr ar fud an domhain.
- (17) Féadfaidh na Ballstáit cur le prionsabal na comhpháirtíochta maidir le cur chun feidhme na tacaíochta ón Aontas chun leanúnachas a áirithiú ó thaobh chur chuige an rialachais.

- (18) De bhun Airteagal 86 de Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹, ba cheart costais oibriúcháin an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) a chumhdach leis an ioncam a ghintear leis na táillí údaraithe taistil. Sa Rialachán seo ba cheart rialacha a leagan síos chun a sciar féin de tháillí ETIAS a chur ar fáil do na Ballstáit chun a gcostais oibriúcháin féin a chumhdach, lena n-áirítear módúlachtaí i gcásanna ina bhfuil a gcostais oibriúcháin iomlána in aon bhliain ar leith níos mó ná an t-ioncam ETIAS atá ar fáil.
- (19) Ós rud é gur cheart do na Ballstáit atá faoi réir brú imirce a bheith in ann brath ar thacaíocht ón Aontas, ba cheart a leagan amach sa Rialachán seo na rialacha chun a sciar féin de na ranníocaíochtaí airgeadais a chuimsítear sa Chomhthiomsú Dlíthpháirtíochta Bliantúil arna bhunú le Rialachán (AE) 2024/1351 a chur ar fáil do na Ballstáit is tairbhíthe¹².
- (20) Ba cheart gach gníomhaíocht a dtacaítear léi i gcomhréir leis an tacaíocht ón Aontas faoin Rialachán seo a chur chun feidhme i gcomhréir leis na cearta agus prionsabail a chumhdaítear in *acquis* an Aontais agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus ba cheart í a bheith i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais agus na mBallstát a eascraíonn as na hionstraimí idirnáisiúnta a bhfuil siad ina bpáirtithe iontu.
- (21) I gcomhréir le Prótocal Uimh. 5 a ghabhann le hIonstraim Aontachais 2003 maidir le hidirthuras daoine de thalamh idir réigiún Kaliningrad agus codanna eile de Chónaidhm na Rúise¹³, tabharfaidh an tAontas cúnaimh don Liotuáin idirthuras daoine idir réigiún Kaliningrad agus codanna eile de Chónaidhm na Rúise a bhainistiú agus go háirithe, íocfaidh sé as aon chostas breise arna dtabhú i gcur chun feidhme fhorálacha sonracha an *acquis* lena bhforáiltear d'idirthuras den sórt sin. Dá bhrí sin, ba cheart a leagan amach sa Rialachán seo na rialacha maidir le tacaíocht airgeadais don Scéim Idirthurais Speisialta a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 693/2003 ón gComhairle¹⁴.
- (22) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen¹⁵ a chur chun feidhme, a chur i

¹¹ Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226 (IO L 236, 19.9.2018, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1240/oj>).

¹² Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1147 agus (AE) 2021/1060 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 (IO L, 2024/1351, 22.5.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1351/oj>).

¹³ Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice agus oiriúnuithe na gConarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe (IO L 236, 23.9.2003, lch. 955, ELI: http://data.europa.eu/eli/treaty/acc_2003/act_1/pro_10/sign).

¹⁴ Rialachán (CE) Uimh. 693/2003 ón gComhairle an 14 Aibreán 2003 lena mbunaítear Doiciméad Idirthurais Éascaithe (FTD) sonrach, Doiciméad Idirthurais Iarnróid Éascaithe (FRTD) agus lena leasaítear na Teagaisc Choiteanna Chonsalacha agus an Lámhleabhar Coiteann (IO L 99, 17.4.2003, lch. 8, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/693/oj>).

¹⁵ IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

bhfeidhm agus a fhorbairt, rud a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, bpointí A agus B de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle¹⁶.

- (23) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen¹⁷ a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, Pointí A agus B de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle¹⁸.
- (24) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen¹⁹ a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, Pointí A agus B de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle²⁰.
- (25) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Rialachán seo le *acquis* Schengen, ba cheart don Danmhairg a chinneadh, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an Rialachán seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.
- (26) Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle²¹. Dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm,

¹⁶ Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/1999/437/oj>).

¹⁷ IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

¹⁸ Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2008/146/oj>).

¹⁹ IO L 160, 18.6.2011, lch. 21, ELI: <http://data.europa.eu/eli/prot/2011/350/oj>.

²⁰ Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2011/350/oj>).

²¹ Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2002/192/oj>).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo, leagtar síos cuspóirí agus maoiniú na tacaíochta ón Aontas don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip agus don bheartas víosaí Eorpach le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2034. Leis an tacaíocht ón Aontas rannchuideofar le feidhmiú limistéar Schengen, leis na teorainneacha seachtracha a bhainistiú go héifeachtúil agus le héifeachtúlacht an bheartais víosaí, lena n-áirítear trí thacaíocht a chur ar fáil chun gnéithe ábhartha an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann a chur chun feidhme, a neartú agus a fhorbairt, agus trína choinneáil ar bun nach ndéanfar aon rialú ar dhaoine agus iad ag trasnú teorainneacha inmheánacha, ar ardleibhéal slándála inmheánaí laistigh den Aontas.

Cuirfear an tacaíocht ón Aontas ar fáil faoi rialacha cothrománacha an Chiste Eorpaigh um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil arna bhunú le Rialachán (AE) [...].

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘pointe trasnaithe teorann’ pointe trasnaithe teorann mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (8), de Rialachán (AE) 2016/399²²;
- (2) ciallaíonn ‘bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip’ bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2019/1896²³;
- (3) ciallaíonn ‘teorainneacha seachtracha’ teorainneacha seachtracha mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 2, de Rialachán (AE) 2016/399²⁴ agus teorainneacha inmheánacha áit nach bhfuil deireadh curtha leis na rialuithe fós;
- (4) ciallaíonn ‘cuid den teorainn sheachtrach’ cuid den teorainn sheachtrach mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (11) de Rialachán (AE) 2019/1896²⁵;

²² Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (códú) (IO L 77, 23.3.2016, lgh. 1–52, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/399/oj>).

²³ Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624 (IO L 295, 14.11.2019, lgh. 1–131).

²⁴ Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (códú), (IO L 77, 23.3.2016, lgh. 1–52).

²⁵ Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624 (IO L 295, 14.11.2019, lgh. 1–131).

- (5) ciallaíonn ‘teorainneacha inmheánacha áit nach bhfuil deireadh curtha leis na rialuithe fós’:
- (a) an chomhthearainn idir Ballstát a chuireann *acquis* Schengen chun feidhme go hiomlán agus Ballstát a bhfuil sé de cheangal air *acquis* Schengen a chur chun feidhme ina iomláine, i gcomhréir lena Ionstraim Aontachais féin, ach nár tháinig an Cinneadh ábhartha ón gComhairle lena n-údaraitear dó an *acquis* sin a chur i bhfeidhm go hiomlán ina leith go fóill;
 - (b) an chomhthearainn idir dhá Bhallstát a bhfuil sé de cheangal orthu *acquis* Schengen a chur i bhfeidhm ina iomláine, i gcomhréir lena n-Ionstraimí Aontachais faoi seach, ach nár tháinig an Cinneadh ábhartha ón gComhairle lena n-údaraitear dóibh an *acquis* sin a chur i bhfeidhm go hiomlán i bhfeidhm ina leith go fóill.
- (6) ciallaíonn ‘Ballstát is tairbhí’ Ballstát is tairbhí mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 19 de Rialachán (AE) 2024/1351;
- (7) ciallaíonn ‘Ballstát is rannchuiditheoir’ Ballstát is rannchuiditheoir mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 20 de Rialachán (AE) 2024/1351;
- (8) ciallaíonn ‘ranníocaíochtaí airgeadais’ ranníocaíochtaí airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 56(2), pointe (b) de Rialachán (AE) 2024/1351.

Airteagal 3

Cuspóirí le haghaidh na tacaíochta ón Aontas do limistéar Schengen, don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip ag na teorainneacha seachtracha agus don chomhbheartas víosaí

1. Chun bainistiú comhtháite teorainneacha atá láidir agus éifeachtach ag na teorainneacha seachtracha a áirithiú, mar aon le limistéar Schengen dea-fheidhmiúil agus beartas víosaí éifeachtúil, leis an tacaíocht ón Aontas rannchuideofar le gach ceann de na cuspóirí seo a leanas:
- (a) tacú le creat Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt go héifeachtach agus rialachas, ionracas agus slándáil limistéar Schengen gan teorainneacha inmheánacha a neartú;
 - (b) tacú le bainistiú comhtháite teorainneacha éifeachtach san Eoraip ag na teorainneacha seachtracha arna chur chun feidhme ag an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach mar fhreagracht chomhroinnte idir an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus na húdaráis náisiúnta atá freagrach as bainistiú teorainneacha, lena n-áirítear trí mhodhanna nuálacha agus teicneolaíochtaí nua, chun trasnuithe dlisteanacha ag teorainneacha a éascú, an imirce neamhdhlíthiúil agus coireacht trasteorann a chosc agus a bhrath agus an imirce neamhrialta a ionstraimiú agus a úsáid mar uirlis troda, chun rannchuidiú le fillleadh éifeachtach;
 - (c) tacú leis an gcomhbheartas víosaí chun cur chuige comhchuibhithe a áirithiú maidir le víosaí a eisiúint go tráthúil agus chun taisteal dlisteanach a éascú, agus rioscaí slándála agus imirce á gcosc agus a bheith á rannchuidiú leis an tslándáil agus le dea-fheidhmiú limistéar Schengen an tráth céanna.

Cuirfear an tacaíocht ón Aontas chun feidhme ar bhealach a bheidh go hiomlán i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach i Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an

Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil.

2. Cuirfear an tacaíocht ón Aontas chun feidhme i gcomhréir le *acquis* ábhartha an Aontais agus le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais agus na mBallstát a eascraíonn as na hionstraimí idirnáisiúnta a bhfuil siad ina bpáirtithe iontu.
3. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuimseofar gníomhaíochtaí chun gach ceann de chuspóirí na tacaíochta ón Aontas faoin Rialachán seo a bhaint amach i dtosaíochtaí a bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí agus, go mbeidh leithdháileadh acmhainní idir cuspóirí comhréireach leis na dúshláin agus riachtanais a sainaitníodh.

Airteagal 4

Maoiniú

1. Tá an t-imchlúdach airgeadais tascach do chur chun feidhme na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 le haghaidh na tréimhse 2028 go 2034 socraithe ag EUR 15 396 750 000 i bpraghsanna reatha. Cuirfear chun feidhme é i gcomhréir leis na rialacha cothrománacha le haghaidh na bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a leagtar síos i Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil.
2. Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme chun an méid in aghaidh an Bhallstáit a bhunú tríd an modheolaíocht leithdháilte a chur i bhfeidhm, modheolaíocht a leagtar amach i Roinn B, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil.
3. Ina theannta sin, maidir leis na leithreasuithe buiséadacha le haghaidh na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán seo, leithreasuithe a chuirtear chun feidhme tríd an tSaoráid AE faoi Theideal IV de Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil, bunófar iad faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil dá bhforáiltear in Airteagal 314 CFAE.
4. Maidir le bearta a bhaineann leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán seo, i gcás ina dtagann an Coimisiún ar an gconclúid go gcomhlíonann na bearta sin na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus i Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil, agus i gcás ina molann an Coimisiún cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle lena bhformheastar Plean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí an Bhallstáit lena mbaineann i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 23 de Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um

shlándaíl, déanfaidh an Coimisiún togra le haghaidh cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle maidir le formheas na mbeart sin.

5. Agus togra á dhéanamh le haghaidh cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle maidir leis na bearta a bhaineann leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán seo, leagfar síos sa togra ón gCoimisiún na gnéithe dá dtagraítear in Airteagal 23(4) de Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándaíl, maidir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3.
6. Glacfaidh an Chomhairle an cinneadh cur chun feidhme dá dtagraítear in alt 4, de ghnáth, laistigh de 4 seachtaine tar éis ghlacadh an togra ón gCoimisiún agus in éineacht leis na cinntí cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 23, mír (1) [*togra ón gCoimisiún agus cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle*] de Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándaíl.
7. Airteagal 24 de Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándaíl maidir le Pleananna a leasú, beidh feidhm aige sin, ar choinníoll nach gcumhdófar leis an togra ón gCoimisiún agus an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena bhformheastar leasuithe ar na heilimintí a liostaítear in Airteagal 23(4) ach na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán seo.

Airteagal 5

Tíortha atá Comhlachaithe le limistéar Schengen

I gcomhréir le forálacha ábhartha a gcomhaontuithe comhlachais féin, déanfar socrúithe chun cineál agus modhanna rannpháirtíochta na dtíortha a bhfuil baint acu le cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forbairt *acquis* Schengen sa tacaíocht ón Aontas a shonrú. A luaithe is féidir tar éis don tír lena mbaineann fógra a thabhairt faoina cinneadh glacadh le hábhar na tacaíochta sin ón Aontas agus í a chur chun feidhme ina dlíchóras inmheánach, i gcomhréir leis an gcomhaontú comhlachais ábhartha, cuirfidh an Coimisiún moladh faoi bhráid na Comhairle, maidir le tús a chur leis an gcaibidlíocht faoi na socrúithe sin faoi Airteagal 218(3) CFAE. Ar an moladh a fháil, gníomhóidh an Chomhairle gan mhoill chun cinneadh a dhéanamh i ndáil le tús na caibidlíochta sin a údarú. Cuirfear na rannchuidithe airgeadais ó na tíortha sin leis na hacmhainní foriomlána atá ar fáil ón imchlúdach airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 4.

Airteagal 6

Tacaíocht don Scéim Idirthuais Speisialta

1. Leithdháilfear méid suas le EUR 450 000 000 ar Phlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí na Liotuáine de bhun Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándaíl chun tacaíocht a sholáthar d'ioncam tarscaoilte ó víosaí gearrfhanachta a

phróiseáil agus costais bhreise a ghabhann le scéim an Doiciméid Idirthurais Éascaithe (FTD) agus an Doiciméid Idirthurais Iarnróid Éascaithe (FRTD) a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 693/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 694/2003 arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 2023/2667 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

2. Chun críoch mhír 1, beidh an tacaíocht ón Aontas don ioncam tarscaoilte bunaithe ar eisiúint FTDanna agus FRTDanna. Socrófar an uasteorainn le haghaidh na tacaíochta ag EUR 100 000 000.

3. Chun críoch mhír 1, leis an tacaíocht ón Aontas cumhdófar na costais mheasta bhreise a eascraíonn go díreach as na ceanglais shonracha maidir le hoibriú na Scéime Idirthurais Speisialta a chur chun feidhme agus ar costais iad nach ngintear mar thoradh ar an eisiúint víosaí faoi Rialachán (CE) 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁶⁾.

100 % de na costais mheasta iomlána a bheidh i ranníocaíocht uasta bhuiséad an Aontais. Socrófar an uasteorainn le haghaidh na tacaíochta sin ag EUR 350 000 000.

Leis na costais mheasta bhreise, cumhdófar go háirithe:

- (a) infheistíocht i mbonneagair, modhanna iompair, córais agus trealamh TFC is gá le haghaidh oibriú na Scéime Idirthurais Speisialta;
- (b) oiliúint a chur ar fhoireann a chuireann an Scéim Idirthurais Speisialta chun feidhme;
- (c) costais oibriúcháin bhreise, lena n-áirítear costais foirne chun an Scéim Idirthurais Speisialta a chur chun feidhme.

4. Déanfaidh an Coimisiún agus an Liotuáin athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an Airteagail seo i gcás imthosca gan choinne a imríonn tionchar ar an Scéim Idirthurais Speisialta a bheith ann nó ar fheidhmiú na Scéime sin.

5. Leithdháilfear na méideanna dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 ar Phlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí na Liotuáine. Ní úsáidfear na méideanna sin le haghaidh bearta eile sa Phlean ach amháin in imthosca a bhfuil údar cuí leo, a ndearna an Coimisiún iad a fhormheas trí bhíthin leasú ar an bPlean sin de bhun Airteagal 24 de Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil.

Tar éis iarraidh réasúnaithe a fháil ón Liotuáin, féadfar an méid dá dtagraítear i mír 3 a athbhreithniú agus, i gcás inar gá, a choigeartú sula nglacfar an clár oibre deireanach de bhun Airteagal 31 de Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil. Leithdháilfear aon mhéid breise ar Phlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí na Liotuáine i gcomhréir le hAirteagal 31(7) de Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil.

²⁶ Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí) (IO L 243, 15.9.2009, lgh. 1-58, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/810/oj>)

Airteagal 7

Acmhainní le haghaidh chostais oibriúcháin an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)

1. Cuirfidh gach Ballstát córas éifeachtach iontaofa ar bun lena n-áiríteofar go ndéanfar na costais oibriúcháin arna dtabhú ag an mBallstát sin faoi Airteagail 85(2) agus 85(3) de Rialachán (AE) 2018/1240 a shainaithint agus a thairfeadh go leormhaith. Faoi 31 Eanáir gach bliain, agus den chéad uair faoi 31 Eanáir 2029, cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún na costais oibriúcháin iomlána arna dtabhú le haghaidh na bliana roimhe sin.
2. Ar bhonn na faisnéise a chuirfidh na Ballstáit in iúl i gcomhréir le mír 1, suífidh an Coimisiún méid an ioncaim a ghinfeadh le táillí ETIAS atá le sannadh i gcomhréir le hAirteagal 86, an dara habairt de Rialachán (AE) 2018/1240 chun na costais oibriúcháin arna dtabhú ag na Ballstáit a chumhdach. Cuirfidh an Coimisiún a sciar féin den mhéid sin ar fáil do gach Ballstát.
3. I gcás ina mbeidh méid na gcostas oibriúcháin iomlán arna gcur in iúl ag na Ballstáit faoi mhír 1 níos mó ná an t-ioncam ETIAS atá ar fáil nó, maidir le méid na speansas arna dtabhú chun seiceálacha teorann a shaincheapadh agus a uathoibriú chun ETIAS a chur chun feidhme, i gcás ina mbeidh sé níos mó ná na teorainneacha a leagtar amach in Airteagal 85(3) de Rialachán (AE) 2018/1240, déanfaidh an Coimisiún laghdú *pro rata* ar na méideanna sin a ríomh.
4. I gcás ina bhfuil na costais oibriúcháin iomlána in aon bhliain ar leith níos mó ná an t-ioncam ETIAS atá ar fáil, is é a chuirfidh an Coimisiún ar fáil do na Ballstáit an méid a chomhfhreagraíonn don laghdú *pro rata* ar a gcostais oibriúcháin iomlána ó ioncam a ghintear le táillí ETIAS.

Airteagal 8

Ranníocaíochtaí airgeadais don Chomhthiomsú Dlúthpháirtíochta Bliantúil

Déanfaidh an Coimisiún a sciar féin de na ranníocaíochtaí airgeadais arna n-aistriú ag na Ballstáit is rannchuiditheoirí a ríomh agus a chur ar fáil do gach Ballstát is tairbhí i gcomhréir le hAirteagal 64(1) de Rialachán (AE) 2024/1351 chun na gníomhaíochtaí a leagtar amach in Airteagal 56(2)(b) de Rialachán (AE) 2024/1351 a chur chun feidhme.

Airteagal 9

Forálacha idirthréimhseacha

Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do leanúnachas na ngníomhaíochtaí sin, ná do mhodhnú na ngníomhaíochtaí sin, arna dtionscnamh faoi Rialachán (AE) 2021/1148, a mbeidh feidhm aige maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann go dtí go gcuirfeadh clabhsúr orthu.

Airteagal 10

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an [fichiú] lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó dháta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil le haghaidh na tréimhse 2028-2034.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*